Corn Ryder

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi chríoch an Corn Ryder sa Bhreatain Bheag inniu. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan plé ar na ceisteanna thíos leis an duine atá in aice leat.

An bhfuil suim agat féin i gcúrsaí gailf?

An bhfuil cur amach agat ar Corn Ryder?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí

Gaeilge uile a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:-

Healthier_____

Despite_____

Failed_____

Reduced_____

Unbelievable_____

Convincing win_____

Shoulders_____

Huge Pressure_____

Sixteenth Green_____

Shaking of hands_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht na leaganacha seo a rá ar bhealach eile

Bhí an chosúlacht ar chúrsaí_____

Go raibh cosa McIlroy nite_____

Cliseadh ar Cink_____

Sciob_____

I mbarr a maitheasa_____

I bhfoisceacht pointe_____

Chinn air_____

Ceist 5 Cloistear 'trí phointe dhéag' sa sliocht

Cén fáth go séimhítear 'déag'

Bain triail astu seo a leanas

1. 19 + bliain
2. 19 + aiste
3. 14 + seachtain
4. 12 + siopa
5. 18 + peann
6. 12 + bosca

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An gcabhraíonn Corn Ryder leis an Eoraip a tharraingt le chéile mar aonad iomlán amháin, dar leat?

An gceapann tú go mbíonn an iomarca bainte ag saol pearsanta an duine le cúrsaí spóirt inniu? (m.s Tiger Woods)

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

Healthier	Níos Folláine
Despite	Ainneoin
Failed	Cliseadh
Reduced	Laghdaigh
Unbelievable	Dochreidte
Convincing win	Bua Cumasach
Shoulders	Guaillí
Huge Pressure	Brú Ollmhór
Sixteenth Green	Séú Plásóg Déag
Shaking of hands	Croitheadh Láimhe

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhair na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4

Bhí an chosúlacht ar chúrsaí: **Shílfeá ag féachaint air.**

Go raibh cosa McIlroy nite: **Go raibh deireadh leis.**

Cliseadh ar Cink: **Theip air nó buadh air**

Sciob: **Ghoid nó thóg**

I mbarr a maitheasa: **Chomh maith agus a bhíodar riamh.**

I bhfoisceacht pointe: i **ngiorracht pointe**

Chinn air: **Theip air**

Ceist 5 Bíonn séimhiú ar 'déag' nuair a chríochnaíonn an focal roimhe ar ghuta. Tarlaíonn sé seo i gcás gach ainmfhocal seachas na heisceachtaí m.s bliain, ceann, seachtain, uair)

1. 19 + bliain - naoi mbliana déag
2. 19 + aiste - naoi n-aiste dhéag
3. 14 + seachtain - ceithre seachtaine déag
4. 12 + siopa - dhá shiopa dhéag
5.. 18 + peann - ocht bpeann déag
6. 12 + bosca - dhá bhosca dhéag

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Ruairí Mac an Iomaire

An-lá go deimhin a Éimear, Tá Corn Ryder buaite ar ais ag an Eoraip tar éis dóibhsean Meiriceá a chloí le pointe amháin i Celtic Manor na Breataine Bige. Graeme Mc Dowell thuaisceart Éireann a bhuaigh an cluiche cinniúnach in aghaidh Hunter Mahan.

Bhí cúrsaí ag breathnú i bhfad níos folláine do Mheiriceá go luath tráthnóna ainneoin tús maith na hEorpa. Thit Westwood, thit Kaymer agus bhí an chosúlacht ar chúrsaí go raibh cosa Rory McIlroy nite sular cliseadh ar Cink leis an iarracht seo agus sular sciob fear an Tuaiscirt leathphointe a bhí thar a bheith leochaileach go deo leis.

Lean pointí ó Luke Donald agus ó Ian Poulter, beirt a bhí i mbarr a maitheasa in aghaidh James Furyk agus in aghaidh Matt Kuchar. Laghdaigh Overton an bhearna do Mheiriceá agus bhí bua cumasach ag Mickelson, ag Zac Johnson agus ag Tiger Woods, a bhí dochreidte inniu, chun an brú a mhéadú go mór ar an bhfoireann baile.

Thug Miguel Angel Jimenez an Eoraip i bhfoisceacht pointe go leith don chraobh ach bhuaigh Rickie Fowler an trí pholl deireanacha in aghaidh Edoardo Molinari chun leathphointe a sciobadh ar ais, trí phointe dhéag go leith an taobh agus cluiche amháin fanta.

An t-ualach ar fad ar ghuaillí móra Graeme McDowell a bhí chun cinn ar Hunter Mahan do chuid mhaith dá chluiche. Ach chuir an Meiriceánach brú ollmhór air. Bhí fear an Tuaiscirt ábalta chuige, an sár-iarracht go deo seo ar an séú plásóg déag á fhágáil siúd dhá pholl chun cinn agus gan ach péire fanta le n-imirt. Bhí an teannas ag luí go trom orthu agus dheisigh Mahan poll a sciobadh ar ais. Chinn air áfach. Bhí a ndóthain déanta agus croitheadh lámha. Corn Ryder buaite ar ais arís ag an Eoraip leis an mbearna is lú agus arís Éireannach a rinne beart ag an deireadh.